Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11932/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0399(COD)**

**INST 297**
**JUR 560**
**JUSTCIV 105**
**CODEC 1229**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 339 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a mhéid a bhaineann le húsáid an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú chun é a chur in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 339 final.

Faoi iamh: COM(2022) 339 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2022
COM(2022) 339 final

2016/0399 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a mhéid a bhaineann le húsáid an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú chun é a chur in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

2016/0399 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a mhéid a bhaineann le húsáid an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú chun é a chur in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarcuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2016) 798 final – 2016/0399 COD): | 13 Márta 2017 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 17 Aibreán 2019 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 28 Meitheamh 2022 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra seo trí ghníomh[1] a chur in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i réimse an cheartais, gníomhartha a thagraíonn fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

An seasamh a ghlac an Chomhairle ar an gcéad léamh, léiríonn sé go hiomlán an comhaontú a tugadh i gcrích ar an leibhéal teicniúil agus a deimhníodh le ríomhphost an 8 Meitheamh 2022, ar comhaontú é idir seirbhísí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, comhaontú arna éascú ag an gCoimisiún. Measadh nach raibh gá le cruinnithe tríthaobhacha. Áirítear le príomhphointí an chomhaontaithe sin an méid seo a leanas:

– Tugtar aghaidh sa téacs comhréitigh ar ailíniú Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 maidir leis na trí ghníomh agus an Rialachán sin amháin, gníomhartha a áirítear sa togra tosaigh ón gCoimisiún. Rinneadh an dá ghníomh eile, Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle[2] agus Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007[3], a

[1] Idir an dá linn, tá gníomhartha eile tar éis teacht in ionad dhá cheann de na trí ghníomh; féach thíos faoi phointe 3.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i ndáil le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta agus thráchtála, IO L 174, 27.6.2001, lgh. 1-24, arna ionadú ag Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020

aisghairm idir an dá linn agus, dá bhrí sin, ní áirítear iad sa téacs deiridh a comhaontaíodh.

- Aithrisí 1 agus 2 maidir leis na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin i ndáil le gníomhartha a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh, rinneadh na haithrisí sin a ailíniú le haithrisí Rialachán (AE) 2019/1243[4].
- Moladh dhá aithris chun infheidhmeacht an Rialacháin a shoiléiriú maidir leis an Danmhairg agus le hÉirinn faoi seach.
- An t-aon fhoráil i Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 lena bhforáiltear maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, déanfar í a ailíniú le gníomhartha tarmligthe, mar a mhol an Coimisiún.
- An cumhachtú a thugtar don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tugtar an cumhachtú sin ar feadh tréimhsí inathnuaite cúig bliana, agus oibleagáid ar an gCoimisiún ag dul in éineacht leis tuarascálacha a chur i láthair, naoi mí roimh dhul in éag gach ceann de na tréimhsí sin, maidir leis an gcaoi ar bhain sé úsáid as an gcumhachtú. Is ré neamhchinntithe maidir leis an gcumhachtú a mhol an Coimisiún i dtosach, ach tá teorannú na tréimhse i gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh le haghaidh go leor cumhachtuithe ailínithe eile, lena n-áirítear i gcás an dá chomhad eile a áiríodh sa togra ón gCoimisiún agus a aisghaireadh agus ar cuireadh gníomhartha eile ina n-ionad idir an dá linn.

Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú a tugadh i gcrích ar an leibhéal teicniúil.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.

maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i ndáil le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh) (athmhúnlú), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 1-39.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle, IO L 324, 10.12.2007, lgh. 79-120, arna ionadú ag Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála (doiciméid a sheirbheáil), IO L 405, 2.12.2020, lgh. 40-78).

[4] Leis an Rialachán seo, déantar 64 ghníomh a ailíniú, ar moladh ailíniú ina leith i COM(2016) 799.